gaelscoil na gcloch liath

Nuachtlitir Bealtaine 2010

Nótaí

Dúnfaidh an scoil ar 12.00 Dé Céadaoin 2ra Meitheamh toisc go bhfuil na Naíonáin nua ag teacht ar chuairt.

The school will close at 12.00 on Wednesday 2nd June as the new infants will be visiting the school.

Dúnfaidh an scoil ar 12.00 Dé hAoine 4ú Meitheamh i gcomhair cruinniú foirne.

The school will close at 12.00 on Friday 4th June for a Staff Meeting.

Beidh an scoil dúnta Dé Luain 7ú Meitheamh de bharr Lá Saoire Bainc.

The school will be closed Monday 7th June as it is a bank holiday.

Ár gCéad "Céad Chomaoineach"

Ba lá fíor-speisialta don scoil é an Satharn 8 Bealtaine nuair a cheiliúraigh buachaillí R2 a gCéad Chomaoineach i Séipéal Chillian Naofa. B'é seo ár gcéad ghrúpa a ullmhaíodh do na sacraimintí agus ba léir go ndearna siad sár -iarracht ar a gcuid bpaidreacha agus ar fhreagraí an aifrinn ar scoil agus gur thuig siad an tábhacht a bhain leis an lá. Bhí cuma álainn ar na páistí sa séipéal agus iad uilig gléasta sna hailb nua.

Bhí searmanas álainn, pearsanta, Gaelach againn leis an tAth. León Ó Giolláin. Bhí sé go haoibhinn slua mór gaolta, idir óg agus aosta, a fheiceáil ann. Ba chúis mhór bróid dúinne na páistí, agus dár ndóigh, a dteaghlaigh, a fheiceáil ag léamh is ag labhairt chomh líofa sa Ghaeilge, agus iad go hiomlán ar a gcompord léi. D'éirigh linn cór den scoth a chur le chéile agus chuir a cheol binn lúcháireach go mór leis an ócáid.

D'eagraigh Coiste na dTuismitheoirí cóisir sa scoil agus bhuail an slua isteach chun sóláistí agus grianghrafanna a ghlacadh. Ba dheis iontach é seo chun pobal na scoile a thabhairt le chéile.

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil leis an gcór agus le Coiste na dTuismitheoirí as a gcuid cúnaimh ar fad. Chuir a gcuid oibre go mór leis an gceiliúradh.

Saturday 8th May was a very special day for the school when the children from Rang 2 celebrated their First Holy Communion. This was our first group of children to be prepared for the sacraments, and it was evident on the day that they had worked hard at school in learning their prayers and readings and understood the importance of the occasion.

The church service was a wonderfully personal and Gaelach one, celebrated by an tAth. León Ó Giolláin. We were delighted to meet so many of the children's relations. We were also hugely proud of the children, and indeed their families, to see them reading and speaking freely and fluently in Irish, and completely comfortable with the language. We managed to put together a wonderful choir, and their uplifting music truly added to the whole ceremony.

Coiste na dTuismitheoirí organised a party back at the school, and the crowd met up again for refreshments and photographs. This again was a great opportunity to bring the wider school community together in celebration.

Many thanks to Coiste na dTuismitheoirí, the choir, and all those who had worked so hard to make the day the fantastic occasion it was.

Maith sibh go léir!

Oscailt Oifigiúl na Scoile

Beidh seo ar siúl Dé hAoine 18ú Meitheamh ar 11.00. Tá súil againn go mbeidh gach tuismitheoir in ann freastal air. Beidh na paistí ag dul abhaile ar 12.00 an lá sin.

Official Opening of the School

This will be held on Friday 18th June at 11.00. We hope that every parent will be able to join us. The school will close at 12.00 after the ceremony.

Agus an ghrian ag taitneamh!

Is féidir leis na páistí bríste gearra na scoile a chaitheamh idir seo agus saoire an tsamhraidh. Ná dearmad lóis gréine a chur orthu ar laethanta grianmhara.

Children can wear the school shorts between now and the summer holidays. Please don't forget to apply suntan lotion on them on sunny days.

Ríomhairí in Úsáid

Tá dhá ríomhaire i Seomra na dTuismitheoirí gur féidir libh úsáid chun an Ghaeilge a chleachtadh. Tá roinnt bogearraí ar fáil freisin is tá nascanna orthu chuig suíomhanna idirlíona a chabhróidh leat an Ghaeilge a chleachtadh. Má tá aon cheist agat is féidir dul i dteagmháil le Roisín.

There are two computers in Seomra na dTuismitheoirí for the parents to use to help them practice their Gaeilge. There are software packages to help wth Gaeilge and links to useful websites. If you have any queries, please contact Roisín.

Labhair Gaeilge Linn!

Beidh Maidin Caifé agus Ciorcal Comhrá ar siúl Dé hAoine, 21ú Bealtaine ag a 8.30 a chlog i Seomra na dTuismitheoirí sa scoil. Táimid ag tnúth leis go bhfeicfimid sibh ansin.

A coffee morning and "ciorcal comhrá" will be held in the Patents' Room in the school on Friday 21st May at 8.30am. We hope that we will see you there.

Oíche Pócair

Fuaireamar beagnach €3,000 ar son na scoile ón Oíche Pócair. Oíche iontach a bhí ann a lean ar aghaidh go moch ar maidin le roinnt de na himreoirí nua pócair (ár dtuismitheoirí féin) ag imirt in aghaidh an lucht gairme. Bhí triúr bhuaiteoir den scoth againn agus comhghairdeachas leo go léir.
Ba mhaith linn ár mbuíochas a leathnú go dtí an bainisteoir imeachtaí, an stiúrthóir ilchomórtais, agus do na déileálaithe cárta a chinntigh gur rith an oíche leis agus a theoraigh na himreoirí nua trí dhomhan an Texas Holdem.

Our fundraising Oíche Poker raised €3,000 for the school. It was a night that moved into the small hours of the morning as some of the novice poker players (our very own parents) took on the might of the professionals. We had three deserving winners and congratulations to them all.

We would like to extend our thanks to the event managers, tournament director, and card dealers who ensured the evening moved along very smoothly and guided all the new players through the world of Texas Holdem.

Míle buíochas daoibh as ucht bhúr dtacaíochta!

Ár dTuras Feirme go Cill Muilinn

Ar an 26ú Márta thug an scoil ar fad cuairt ar Fheirm Chill Muilinn. Ag sroichint na feirme, bhí páistí na Naíonáin Shóisireacha, Shinsireacha, Rang 1 agus Rang 2 ar bís ag breathnú amach na fuinneoige ar na mba agus ar na gcaoirigh ina luí ar an bhféar.

Bhuaileamar leis na huain nua agus tugadh deis iontach dúinn bainne a thabhairt dóibh agus iad a stróiceadh. Chomh maith leie seo d'fhoghlamar faoin slí ceart aire a thabhairt don chapall, Bounty, agus an obair chrua a bhíonn ar siúl ag Trip ag bailiú na caoirigh.

Bhí an t-ádh orainn féachaint ar na huibheacha úr-bhreithe ag Hedy an Chearc agus bhí an deis againn marós a phiocadh agus a bholadh ón ngairdín. Ach, caithfimid a rá go raibh an dráma puipéad thar barr agus muid ag ithe ár lóin faoin ngrian.

Ba mhaith linn míle buíochas a ghabháil le Mairéad agus Eamonn as ucht an turais iontach taitneamhach seo.

On the 26th of March the entire school visited Kilmullen Farm. On our arrival the children from Junior and Senior infants, First and Second class were excited as they looked out the bus windows at the cows and sheep lying on the grass.

We met the lovely new lambs and had the opportunity to feed them milk and pet them. As well as this, we learnt how to take good care of the horse Bounty, and about the hard work Trip does everyday herding the sheep.

We were very lucky that Hedy the Hen had just laid eggs that we could hold and we were able to pick and smell the lovely rosemary that grew in the garden. We have to say our favourite part of the trip was the puppet show as we were eating our lunch under the sun.

We would like to thank Mairéad and Eamonn for inviting us to their farm and for the lovely, enjoyable experience we all had.

Leabhair Leabharlainne

Táimid ag lorg leabhair Béarla do leabharlann ranga Rang 3. Má tá aon leabhar agat sa bhaile, a bhfuil tú críochnaithe leo, a oireann don aois-ghrúpa seo is má tá cuma mhaith orthu, is féidir iad a fhágaint in oifig na scoile. Táimid an-bhuíoch daoibh as bhur gcúnamh.

We are looking for English reading books for our 3rd Class library. If you have any books at home, that you are finished with, that would be suitable for this age group and are in good condition, they can be left in the school office. We appreciate your support.

Clár Bán
Idirghníomhach
(Luach €4500)



Tá 209 as 500 fón againn.
We have collected 209 phones

Spraoi le Scríbhneoireacht!

Tá ard-mholadh tuillte ag páistí Naíonán Mhóra, Rang 1 agus Rang 2. Tháinig deá-scéal ar ais le gairid maidir leis na leabhair a bhí scríofa acu don tionscnamh Scríobh Leabhar Gaeilge. Roghnaíodh leabhar ranga Naíonán Mhóra, *An Lacha sa Ghort,* i gcomhair gradam speisialta agus bronnadh plaic álainn orthu. D'éirigh le Denis de Búrca (Rang 2), a scríobh *Spórt le Denis,* gradam speisialta a fháil freisin. Tugadh cuireadh dó freastal ar oíche bhronnadh, áit a bhfuair sé bonn óir agus teastas! Fuair Eileanór Ní Bhradathaigh ó Rang 1 agus Ralph Ledús agus Rossa Ó Crualaoich ó Rang 2 ard-mholadh dá leabhair freisin. Bronnadh teastas ar gach páiste a ghlac páirt sa scéim. Is léir gur bhain na páistí taitneamh agus tairbhe as an tionscnamh i mbliana. Tá siad ag cleachtadh don bhliain seo chugainn cheana féin!

Congratulations to the children in Naíonáin Mhóra, Rang 1 and Rang 2. We were delighted to get good news about the books they had written for the Write-a-book scheme. Naíonáin Mhóra had written a class book, An Lacha sa Ghort, *which was chosen for a special award. They were presented with a lovely plaque. Denis de Búrca in Rang 2 wrote a book called* Spórt le Denis *and also received a special award. He was invited to the awards ceremony and presented with a gold medal and certificate. Eileanór Ní Bhradathaigh from Rang 1 and Ralph Ledús and Rossa Ó Crualaoich from Rang 2 had their books chosen for special recognition. All the children who took part were presented with a certificate acknowledging their good work. It was clear that the children benefitted from the scheme and they are already looking forward to next year!*

Comhghairdeas libh go léir, a pháistí!

Lá Teaghlaigh

Is é an Lá Teaghlaigh agus Scipeáil Urraithe ár gcéad imeacht eile agus mar sin déanaigí cinnte an dáta AnSatharn an 12ú Meitheamh ó 2in go 4in a chur i bhur ndialanna. Beidh a lán spóirt agus spraoi ann do chách. Labhair le Sinéad (ón gCoiste) más mian leat cuidiú leis an lá. Ní mór dúinn sár-iarracht a dhéanamh chun ár sprioc de €10,000 a bhaint amach le haghaidh na bliana ionas gur féidir linn freastal ar na costais a bhaineann le reachtáil na scoile ar an gcaighdeán is airde agus is fearr dár bpáistí.

Our next event will be a Family Day and Skipathon, so make sure to put Saturday the 12th June from 2pm to 4pm in your diaries. This should be an afternoon of sport and fun for all ages. Please let Sinead from the Coiste know if you'd like to help out with any of the planning. We need a final, big push to meet our fundraising target of €10,000 for this year to ensure that we can meet the costs of running the school to the best and highest standards for our children.